Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Eanáir 2023
(OR. en)

15341/22
PV CONS 73
EDUC 408
JEUN 179
CULT 125
AUDIO 126
SPORT 50

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Oideachas, an Óige, Cultúr agus Spórt)

28 agus 29 Samhain 2022

## CLÁR

**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre .... 4

2. Formheas na míreanna 'A' .... 4
   (a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha
   (b) Liosta don phlé reachtach

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

OIDEACHAS

3. Moladh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile .... 5

4. Conclúidí maidir le tacú leis an dea-bhail san oideachas digiteach .... 5

5. An Limistéar Eorpach Oideachais tráth fhogha na Rúise faoin Úcráin .... 6

AN ÓIGE

6. Conclúidí maidir leis an ngné idirghlúine i réimse na hóige a chur chun cinn chun idirphlé agus comhtháthú sóisialta a chothú .... 6

7. Bliain Eorpach na hÓige 2022 .... 6

**Aon ghnó eile**

Oideachas

8. (a) Cur i láthair na Tuarascála ar Dhul Chun Cinn an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus seoladh na Saotharlainne Foghlama maidir le hInfheistíocht a Dhéanamh san Oideachas agus Oiliúint ar Ardchaighdeán .... 6
   (b) Treoirlínte do mhúinteoirí agus d'oideoirí maidir le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus litearthacht dhigiteach a chur chun cinn tríd an oideachas agus an oiliúint agus treoirlínte eiticiúla maidir le húsáid na hintleachta saorga agus sonraí i dteagasc agus i bhfoghlaim d'oideoirí .... 7
   (c) *Deep Tech Talent initiative and pledge* [an tionscnamh agus an gealltanas Deep Tech Talent] .... 7
   (d) An 9ú Comhdháil Aireachta um an gComhshaol don Eoraip (an Niocóis, an 5 go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2022): torthaí chruinniú ardleibhéil na nAirí Oideachais maidir le hOideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe .... 7
   (e) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta .... 7

   An Óige
   (f) Toradh an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh .... 7
   (g) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta .... 7

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

CULTÚR AGUS CLOSAMHARC

9. Rún maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 .... 8

10. Tacaíocht agus dlúthpháirtíocht le cultúr na hÚcráine, an oidhreacht chultúrtha san áireamh .... 8

**Plé reachtach**

11. Rialachán lena mbunaítear an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán .... 8

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

SPÓRT

12. Conclúidí maidir le bonneagar spóirt inbhuanaithe agus inrochtana .... 9

13. An féidir leis na géarchéimeanna a tharla le déanaí a úsáid mar dheis d'fhorbairt an spóirt amach anseo? .... 9

**Aon ghnó eile**

Cultúr agus Closamharc

14. (a) Roghnú Liepāja mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2027 .... 9
(b) Institiúidí cultúrtha le linn na géarchéime fuinnimh .... 9
(c) Pobal eolais agus nuálaíochta (PEN) Chultúr agus Chruthaitheacht EIT .... 9
(d) An tAontas ina Aoi Oinigh ag Aonach Idirnáisiúnta Leabhar 2023 in Guadalajara .... 10
(e) Tarchur chainéil bholscaireachta na Rúise trí sholáthraithe seirbhíse satailíte faoi dhlínse Bhallstáit an Aontais .... 10
(f) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta .... 10

Spórt

(g) Cruinniú WADA: an Bord Fondúireachta (an 18 Samhain 2022) .... 10
(h) Cearta an duine a urramú agus mórimeachtaí spóirt á sannadh .... 10
(i) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta .... 10

IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle .... 11

***

**<u>CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 28 SAMHAIN 2022</u>**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 14996/1/22 REV 1.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 14997/22

Ghlac <u>an Chomhairle</u> na míreanna 'A' a liostaítear in 14997/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 14998/1/22 REV 1

<u>An Margadh Inmheánach agus Tionsclaíocht</u>

**1. Treoir lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach** ❶C 14833/22 PE-CONS 35/22 DRS
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 23.11.2022

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagail 50 agus 114 CFAE).

**2. Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach** ❶C 14648/22 + ADD 1 PE-CONS 46/22 RC
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 23.11.2022

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagail 114 agus 207 CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Rialachán maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach don earnáil airgeadais**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 23.11.2022 | ❶C | 14646/22<br>PE-CONS 41/22<br>EF |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Treoir maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach don earnáil airgeadais**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 23.11.2022 | ❶C | 14647/22<br>PE-CONS 42/22<br>EF |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagail 53(1) agus 114 CFAE).

Teileachumarsáid

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 23.11.2022 | ❶C | 14828/1/22 REV 1<br>+ REV 1 ADD 1<br>PE-CONS 32/22<br>CYBER |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

OIDEACHAS

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Moladh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagail 165(4) agus 166(4) CFAE)<br>*Glacadh* | C | 13961/22<br>+ ADD 1-2 |
| 4. | Conclúidí maidir le tacú leis an dea-bhail san oideachas digiteach<br>*Formheas* | | 14147/22<br>+ ADD 1-2 |

**5.** **An Limistéar Eorpach Oideachais tráth fhogha na Rúise faoin Úcráin** 14168/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag <u>an gComhairle</u> maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar dhoiciméad cúlra a d'ullmhaigh an Uachtaránacht (14168/22). I gcomhthéacs fhogha na Rúise faoin Úcráin, malartaíodh tuairimí faoi conas is féidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar thionchar na ngéarchéimeanna sin ar oideachas agus oiliúint, agus conas is féidir an tionchar sin a mhaolú. Phléigh na toscaireachtaí freisin na huirlisí ba ghá a neartú nó a thabhairt isteach as an nua chun feabhas a chur ar chumas an Limistéir Eorpaigh Oideachais freagairt ar éigeandálaí den sórt sin ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla.

<u>AN ÓIGE</u>

6. Conclúidí maidir leis an ngné idirghlúine i réimse na hóige a chur chun cinn chun idirphlé agus comhtháthú sóisialta a chothú 13991/22 + ADD 1-2
*Formheas*

**7.** **Bliain Eorpach na hÓige 2022** 14183/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag <u>an gComhairle</u> maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar dhoiciméad cúlra a d'ullmhaigh an Uachtaránacht (14183/22). Roinn na toscaireachtaí an eispéiris a bhí acu le linn Bhliain Eorpach na hÓige agus rinne siad machnamh ar bhealaí chun oidhreacht a áirithiú maidir leis an mbliain Eorpach sin tar éis 2022.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**8.** <u>Oideachas</u>

(a) **Cur i láthair na Tuarascála ar Dhul Chun Cinn an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus seoladh na Saotharlainne Foghlama maidir le hInfheistíocht a Dhéanamh san Oideachas agus Oiliúint ar Ardchaighdeán** 14632/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(b)** ***Guidelines for teachers and educators on tackling disinformation and promoting digital literacy through education and training* [Treoirlínte do mhúinteoirí agus d'oideoirí maidir leis an mbréagaisnéis a chomhrac agus leis an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn tríd an oideachas agus tríd an oiliúint] agus *Ethical guidelines on the use of artificial intelligence and data in teaching and learning for educators* [Treoirlínte eiticiúla i ndáil le húsáid na hintleachta saorga agus sonraí sa teagasc agus san fhoghlaim d'oideoirí]** — 14633/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(c)** ***Deep Tech Talent initiative and pledge* [an tionscnamh agus an gealltanas Deep Tech Talent]** — 14634/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(d)** **An 9ú Comhdháil Aireachta um an gComhshaol don Eoraip (an Niocóis, an 5 go dtí an 7 Deireadh Fómhair 2022): torthaí chruinniú ardleibhéil na nAirí Oideachais maidir le hOideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe** — 14645/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Cipire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Cipire ar fáil.

(e) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Sualainne*

An Óige

(f) Toradh an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

(g) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Sualainne*

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 29 SAMHAIN 2022**

CULTÚR/CLOSAMHARC

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

9. Rún maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 — 14436/22 + COR 1 + ADD 1-3
*Formheas*

**10. Tacaíocht agus dlúthpháirtíocht le cultúr na hÚcráine, an oidhreacht chultúrtha san áireamh** — 2 — 14437/1/22 REV 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar nóta plé a d’ullmhaigh an Uachtaránacht (14437/1/22 REV 1). Ghlac Aire Cultúir na hÚcráine, Oleksandr TKACHENKO, páirt sa phlé; thug sé an t-eolas is déanaí faoin staid mar atá ar an láthair san Úcráin agus d’iarr sé tuilleadh cúnaimh le haghaidh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus le haghaidh na láithreán oidhreachta a ndearnadh damáiste dóibh. Roinn na toscaireachtaí faisnéis faoina dtionscnaimh leanúnacha agus faoi na tionscnaimh a bheidh acu amach anseo chun cabhrú leis an Úcráin i réimse an chultúir; cháin siad go láidir fogha leanúnach na Rúise agus scrios na hoidhreachta cultúrtha; agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis an gcomhar a neartú idir Príomhchathracha Cultúir na hEorpa agus cathracha na hÚcráine.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**11. Rialachán lena mbunaítear an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán** — ❶C — 14440/22 + COR 1
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an togra le haghaidh Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán a chuir an Uachtaránacht ar fáil (14440/22 + COR 1). Ba dhíol sásaimh ar an mórgóir do na toscaireachtaí cuspóirí an togra le haghaidh Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán; mhol siad an Uachtaránacht as an obair a rinneadh go dtí seo; agus chuir siad chun suntais roinnt saincheisteanna dúshlánacha a mbeidh tuilleadh plé ag teastáil ina leith, amhail gnéithe na coimhdeachta, an bunús dlí, neamhspleáchas na n-údarás náisiúnta rialála agus raon feidhme an togra.

SPÓRT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

12. Conclúidí maidir le bonneagar spóirt inbhuanaithe agus inrochtana — 13996/1/22 REV 1 + ADD 1-2
*Formheas*

**13. An féidir leis na géarchéimeanna a tharla le déanaí a úsáid mar dheis d'fhorbairt an spóirt amach anseo?** — 13997/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar dhoiciméad cúlra a d'ullmhaigh an Uachtaránacht (13997/22). Chuir beirt aíonna seachtracha an díospóireacht i láthair agus mhalartaigh na toscaireachtaí a dtuairimí ina dhiaidh sin. Chuir na toscaireachtaí chun suntais, i gcomhthéacs na ngéarchéimeanna atá ann faoi láthair, go raibh gá le réitigh atá tíosach ar fhuinneamh chun bonneagair spóirt a úsáid, a athchóiriú nó a thógáil.

**Aon ghnó eile**

**14.** An Cultúr/Ábhair Chlosamhairc

**(a) Roghnú Liepāja mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2027** — 14570/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Laitvia*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Laitvia ar fáil.

**(b) Institiúidí cultúrtha le linn na géarchéime fuinnimh** — 14552/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Gearmáine ar fáil.

**(c) Pobal eolais agus nuálaíochta (PEN) Chultúr agus Chruthaitheacht EIT** — 14575/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(d)** **An tAontas ina Aoi Oinigh ag Aonach Idirnáisiúnta Leabhar 2023 in Guadalajara** 14673/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(e) Tarchur chainéil bholscaireachta na Rúise ag soláthraithe seirbhísí satailíte faoi dhlínse Bhallstáit an Aontais 14573/22
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine agus na Polainne*

(f) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó Thoscaireacht na Sualainne*

Spórt

**(g)** **Cruinniú WADA: An Bord Fondúireachta (an 18 Samhain 2022)**
*Faisnéis ó ionadaí Bhallstáit an Aontais ar an bhfoireann trí Uachtaránacht reatha ar Bhord Fondúireachta WADA*

Chuir toscaireacht na Sualainne an Chomhairle ar an eolas faoi phríomhthorthaí chruinniú Bhord Fondúireachta WADA a tionóladh i Montréal an 18 Samhain 2022.

**(h)** **Cearta an duine a urramú agus mórimeachtaí spóirt á sannadh** 14946/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na hÍsiltíre*

Chuir toscaireacht na hÍsiltíre a tuairimí in iúl maidir le cearta an duine a urramú agus mórimeachtaí spóirt á sannadh (14946/22). Labhair roinnt toscaireachtaí chun tacú leis an idirghabháil sin.

(i) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Sualainne*

---

❶ An chéad léamh

2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘A’ a leagtar amach in 14998/1/22 REV 1**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **An Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN**

‘Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do chóras iltaobhach trádála atá oscailte agus bunaithe ar rialacha agus a bhfuil EDT nuachóirithe ina chroílár aige agus do thuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht an chreata iltaobhaigh maidir le fóirdheontais. Athdhearbhaíonn sé a thiomantas tacú le nuachóiriú rialacha EDT chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh trádála agus ar iomaíocht. Go háirithe, rachaidh an tAontas i mbun rialacha maidir le fóirdheontais thionsclaíocha a nuachóiriú chun feidhmiú cuí Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh (ASCM) a fheabhsú agus chun comhlíonadh agus forfheidhmiú a chur chun cinn.’

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN EORPACH MAIDIR LE SOILÉIRITHE I nDÁIL LE CUR I bhFEIDHM RIALACHÁN ...*, DE BHUN AIRTEAGAL 46 DE**

‘Geallann an Coimisiún go soiléireofar cur i bhfeidhm Airteagal 4(1) de Rialachán [cuir isteach uimhir foilseacháin chomhad 2021/0114(COD)] maidir le saobhadh a bheith ann mar thoradh ar fhóirdheontas eachtrach sa mhargadh inmheánach, cur i bhfeidhm na tástála comhardúcháin a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán seo, agus an measúnú ar shaobhadh i nós imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal 27(1) den Rialachán seo.

Cuirfidh an Coimisiún na soiléirithe tosaigh sin ar fáil don phobal 12 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta chur i bhfeidhm na bhforálacha sin.

Féadfar treoirlínte arna n-eisiúint de bhun Airteagal 46 de Rialachán [cuir isteach uimhir foilseachán chomhad 2021/0114(COD)] a chur in ionad na soiléirithe tosaigh sin.’

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN EORPACH MAIDIR LE RIALACHA ILTAOBHACHA CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR FHÓIRDHEONTAIS EACHTRACHA SHAOBHACHA TRÁTH A GLACADH RIALACHÁN ....***

'An 30 Meitheamh 2022, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach ar chomhaontú maidir leis an Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach[1]. Comhlánaítear, leis an Rialachán seo, na disciplíní Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le fóirdheontais agus rialú fóirdheontais. Déileálann sé le saobhadh a tharlaíonn mar gheall ar fhóirdheontais eachtracha i margadh inmheánach an Aontais.

D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag fóirdheontais ar thrádáil idirnáisiúnta agus d'fhéadfadh saobhadh iomaíochta a bheith mar thoradh orthu in earnálacha traidisiúnta agus i dteicneolaíochtaí nua araon. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh ró-acmhainneacht a bheith mar thoradh ar fhóirdheontais neamhrialaithe, rud a dhéanfadh dochar do dhinimic shláintiúil an mhargaidh. Ní mór don Aontas leanúint de thairbhe a bhaint as deiseanna idirnáisiúnta agus uirlisí á bhforbairt ag an am céanna chun dul i ngleic le cleachtais éagóracha trádála, go hinmheánach agus go seachtrach araon[2]. Ba cheart don Rialachán seo rannchuidiú le feabhas a chur ar athléimneacht mhargadh inmheánach an Aontais, go háirithe maidir leis an margadh sin a chosaint ar shaobhadh mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha. Ar an gcaoi sin, comhlánaíonn an tAontas a bhosca uirlisí d'fhonn cuspóirí neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais a bhaint amach.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar thionchair dhiúltacha na bhfóirdheontas, agus ag aithint dó go bhféadfadh sé nach mbeadh rialacha EDT éifeachtach go leor chun dul i ngleic leis na hiarmhairtí diúltacha a bhíonn ag idirghabháil stáit sa gheilleagar, lena n-áirítear i gcás earnálacha tionsclaíocha áirithe, tá an Coimisiún Eorpach fós tiomanta d'éifeachtacht an chreata iltaobhaigh maidir le fóirdheontais a fheabhsú a thuilleadh, agus tá rún daingean aige brú láidir a chur chun go mbeidh creat dlíthiúil ann a bheidh breá ábalta aghaidh a thabhairt ar shaobhadh ar thrádáil agus ar iomaíocht agus ar chothrom na Féinne[3]. Go háirithe, tá an Coimisiún tiomanta do rialacha maidir le fóirdheontais thionsclaíocha a nuachóiriú chun feidhmiú cuí Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh (ASCM) a fheabhsú agus comhlíonadh an Chomhaontaithe sin a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Choimisiún Eorpach an comhar tríthaobhach leanúnach leis an tSeapáin agus leis na Stáit Aontaithe.

---

[1] An Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach, COM(2021)0223.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach, an 18 Feabhra 2021, COM(2021)0066.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach, an 18 Feabhra 2021, COM(2021)0066.

Leagtar síos rialacha maidir le fóirdheontais go háirithe in ASCM, ina leagtar amach toirmisc ar fhóirdheontais áirithe agus gníomhaíochtaí chun éifeachtaí díobhálacha fóirdheontas a chomhrac i gcomhthéacs na trádála in earraí. Maidir leis an Aontas, déantar na rialacha sin, a mhéid a bhaineann siad le fóirdheonú frithchúitimh, a chur chun feidhme le Rialachán (AE) 2016/1037 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad[4]. Is de réir raon feidhme ASCM a chinntear raon feidhme Rialachán (AE) 2016/1037.

Tá an Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear go háirithe iad siúd a eascraíonn as ASCM. Áiritheoidh an Coimisiún Eorpach go mbeidh aon ghníomhaíocht a dhéanfar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm comhsheasmhach lena oibleagáidí idirnáisiúnta.

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as an Rialachán nua seo chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh a eascraíonn as fóirdheontais eachtracha sa mhargadh inmheánach.'

| <u>**Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':**</u> | **An Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |
| --- | --- |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA CRÓITE**

Ba mhaith le Poblacht na Cróite a chur in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le glacadh na Treorach maidir le bearta chun leibhéal ard cibearshlándála a áirithiú ar fud an Aontais (an Dara Treoir NIS).

Mar sin féin, is mian le Poblacht na Cróite a míshásamh leis an leagan teanga reatha Cróitise den Treoir a athdhearbhú, i.e. leis an leagan coibhéiseach Cróitise den téarma Béarla 'cyber' agus a n-eascraíonn uaidh sa Chróitis[5], ceist atá tarraingthe anuas againn ar bhonn leanúnach ar go leor leibhéal laistigh den Chomhairle le blianta beaga anuas.

Is ábhar mór imní do Phoblacht na Cróite le blianta beaga anuas go bhféadfadh éiginnteacht dhlíthiúil teacht as an leagan reatha Cróitise den Treoir. Eadhon, sa leagan reatha Cróitise den Treoir, baintear úsáid as téarmaíocht nach ann di i cibir-reachtaíocht na Cróite agus san úsáid ghairmiúil, rud a chruthaíonn mearbhall agus a bhaineann an bonn de dheimhneacht dhlíthiúil, de chomhleanúnachas dlíthiúil agus de shoiléireacht dhlíthiúil.

Athdhearbhaíonn Poblacht na Cróite a seasamh gur cheart an téarmaíocht a úsáideann institiúidí an Aontais a ailíniú leis an téarmaíocht dhlíthiúil náisiúnta atá in úsáid cheana d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.
Tá Poblacht na Cróite tiomanta i gcónaí don chibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán a chur chun cinn agus leanann sí de bheith ag tacú le glacadh an Dara Treoir NIS.'

---

4 Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).

5 Is é 'kibernetički' an téarma coibhéiseach a úsáidtear i reachtaíocht na Cróite ach is é 'kiber-' an téarma a úsáidtear sa Dara Treoir NIS.